| Cur Síos Gairid | Meitheal Forbartha Ghairmchlár na hArdteistiméireachta, Cruinniú 8 Ar Líne, 8 Eanáir 2025. |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Rialachas** | Níor cuireadh aon dearbhú ná coimhlint leasa in iúl |
| **An Nuacht is Déanaí** | Gabhadh buíochas le comhalta amháin atá ag fágáil na meithle as son a chuid oibre go léir. Mhínigh an Feidhmeannas an próiseas comhairliúcháin maidir leis an dréachtsonraíocht. |
| **CMB** | Pléadh an dréachtstruchtúr agus i ndiaidh cruinniú iomlánaíoch gearr, aontaíodh tuairisc ilmhódach amháin a chur isteach, a nascann an phróifíl phearsanta agus an treoir spreagthach (Mo Chuid Foghlama i gCleachtas). Cuirfear tuilleadh paraiméadar ar fáil maidir leis an gcineál aighneachta sna treoirlínte. |
| **Athbhreithniú deiridh ar an dréachtsonraíocht le haghaidh comhairliúcháin** | Rinneadh roinnt leasuithe ar mhaithe le leanúnachas agus oiriúnacht na teanga mar thoradh ar ghníomhaíocht uile ghrúpa, inar mionscrúdaíodh an dréachtsonraíocht. |
| **Ainm an ábhair** | Socraíodh Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre (CLWS) a thabhairt air, chun críocha comhairliúcháin. |
| **Machnamh comhairliúcháin** | I measc na moltaí le haghaidh aiseolais ón gcomhairliúchán, bhí: na deiseanna agus na dúshláin is léir do mhúinteoirí, cúrsaí lóistíochta na taithí oibre agus ainm an ábhair. Pléadh roinnt ceisteanna faoin achtú rathúil. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad. Cuirfidh an Feidhmeannas an t-eolas is deireanaí leis an dréachtsonraíocht ionas go mbeidh an méid a pléadh sa chruinniú le feiceáil ann, mar ullmhúchán chun faomhadh a lorg le haghaidh comhairliúcháin. |